

FÓIDÍN MEARTHA

Lá ceoigh nó sneachta ar an sliabh thiocfadh chuile rud chomh haisteach dhuit in do shúilí is nach mbeadh fhios agat cé ngabhfá. Ní fhéadfá bealach ar bith a dhéanamh nó go mbeadh tá sáruighthe amach agus amach. Bheadh fhios agat go maith go raibh tú amú. Déarfá leat féin go mbeadhthá ag imtheacht go bráth go castaoi sruthán duit, agus pébrí caoi a raibh an sruthán a gul, leanfá dó. Thiubhradh sé anuas in íochtar talmhan i mbaile eicínt mas é do bhaile féin nó baile coimhthigheach. Sin fóidín meartha.

Chuala mé daoine a rádh dá mbainteá díot do chasóg agus í a iompódh ort go mbeadh fhios agat cé raibh tú. Bheadh chuile rud a' meadú nó a' laghdú i do shúilí. Ní aithneochá caoirigh an chruic ná rud ar bith eile.

Chonaic mé fóidín meartha ar fhear i lár an bhaile mhóir. Bhí mé ag obair i Jarrow i Sasana. Timcheall a deich san oidhche d'éirigh mé amach as mo theach lóistín agus chonnaic mé fear ina sheasamh cúl le cuaille soluis. Bhí aithne agam air mar bhí mé ag obair in aon áit leis. Bhí na sgórtha saoine a' gul thairis. Ní raibh aithne ar aon duine aca aige.

D'aithnigh mé é agus d'fiafruigh mé de céard a bhí air. Dubhairt sé nach raibh fhios aige. "Tá an baile mór siubhalta agam" ar seisean, "agus tá sé cinnte orm teach mo lóisdín a dhéanamh amach." Bhí fhios agam gur fear é nach n-ólfadh mórán.

"Siubhail leat" adeirim-se. "Tiubhraidh mise abhaile thú."

Ní rabhamar dhá chéad slat nuair d'fuagair sé orm a ghul abhaile.

"Tán ceo imthighthe díom anois" adeir sé, "tá fhios a'm cá bhfuil mé."

Sin é an focal céadna adubhairt sé liom.